Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Márta 2016**
**(OR. en)**

**6674/16**

**FISC 33**
**ECOFIN 189**

**NÓTA ÍTIME "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6452/16 |
| Ábhar: | A bhfuil i ndán don Chód Iompair (Cánachas Gnó)<br>- Conclúidí ón gComhairle<br>= Glacadh |

**I. <u>Cúlra</u>**

1. Is é a dhéantar go bunúsach leis an gCód Iompair (Cánachas Gnó) ar iomaíochas cánach díobhálach (a glacadh in 1997) na critéir a leagan amach le haghaidh bearta cánach díobhálacha a mheasúnú, ar bearta iad atá faoi réir athbhreithniú ag piaraí ar thréimhsí neamhghníomhaíochta agus ceangaltas um rolladh siar ar bhonn deonach. Sa Mheitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó), ar Meitheal í a bunaíodh le Conclúidí ón gComhairle ar an 9 Márta 1998 (6619/98) agus lenar mionsonraíodh a rialachas tuilleadh, gabhtar de láimh an Cód Iompair a chur chun feidhme.

2. De bhreis ar an ngnáthobair a dhéanann sí ar bhearta cánach díobhálacha, tháinig an Chomhairle ar chomhaontú in 2008 maidir le pacáiste oibre na Meithle a bheidh ann amach anseo agus ina bhfuil na sruthanna oibre seo a leanas: frithmhí-úsaid, trédhearcacht agus malartú faisnéise i dtaca le praghsáil aistrithe, le cleachtais riaracháin, agus le naisc chuig tríú tíortha.

3. In 2011 agus in 2015, chomhaontaigh an Mheitheal pacáistí oibre nua lena bhforbraítear an obair leantach ar an bpacáiste oibre ó 2008 agus ina bhfuil ábhair nua, go háirithe ábhair (1) lena dtéitear i ngleic le pleanáil chánach ag corparáidí ilnáisiúnta, ar pleanáil í a d'fhéadfadh a bheith díobhálach toisc feidhm a bheith á baint as córais speisialta cánach le haghaidh cistí infheistíochta; (2) lena ndéantar, de réir an chineáil chórais, measúnuithe éagsúla de réir an cháis a chomhdhlúthú ina dtreoracha ginearálta nó ina nótaí iarratais lena n-úsáid sa todhchaí agus (3) lena ndéantar faireachán ar chur chun feidhme na treorach a comhaontaíodh.

## II. <u>A bhfuil i ndán don Chód Iompair</u>

4. Sna Conclúidí ón gComhairle Eorpach ar an 23 Bealtaine 2013 leagadh béim ar a thábhachtaí atá sé go leanfar den obair laistigh den Aontas Eorpach maidir le bearta cánach díobhálacha a dhíothú agus iarradh go neartófaí an Cód Iompair (EUCO 75/1/13 REV 1).

5. Le linn Uachtaránacht na Laitvia, rinneadh plé ar raon feidhme agus ar rialachas na Meithle, ar bhonn tograí éagsúla ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún a ndearna an Mheitheal um an gCód Iompair plé orthu.

6. Léirigh an Mheitheal Ardleibhéil i Meitheamh 2015 gur dhíol sásaimh di go leanfadh an Mheitheal um an gCód Iompair den obair ar an tsaincheist sin i mí Iúil 2015, ina ndíreofaí ar an méid seo a leanas: a) leas níos fearr a bhaint as sainordú reatha an Chóid; b) féachaint an bhféadfaí tréimhse an tsainordaithe a fhadú agus na critéir a nuashonrú; agus c) an gá a d'fhéadfadh a bheith ann rialachas an Chóid Iompair a choigeartú dá réir sin. Thacaigh an Chomhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais leis an gcur chuige sin ar an 19 Meitheamh 2015.

7. Ghlac an Chomhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais Conclúidí maidir le todhchaí an Chóid Iompair (15148/15) ar an 8 Nollaig 2015, inar cuireadh i gcrích an chéad chéim den athchóiriú sin. D'iarr siad go háirithe ar an Meitheal Ardleibhéil "*athbhreithniú ar an sainordú a phlé maidir leis an gcoincheap go bhfuil brabúis faoi réir, de réir mar is iomchuí, leibhéal éifeachtach cánach laistigh den Aontas, d'ainneoin inniúlachtaí na mBallstát i réimse an chánachais*" agus "*conclúid a dhéanamh maidir leis an ngá atá leis an rialachas foriomlán, leis an trédhearcacht agus na leis modhanna oibre a fheabhsú agus freisin le bailchríoch a chur ar an athchóiriú a dhéanfar ar an Meitheal le linn Uachtaránacht na hÍsiltíre*".

8. Sa treochlár uaithi ina leagtar amach an obair a dhéanfar amach anseo sa Chomhairle sna míonna amach romhainn i dtaca le Creimeadh an Bhoinn agus Aistriú Brabúis (BEPS) (6039/16), chuir Uachtaránacht na hÍsiltíre in iúl gur cheart obair ar thodhchaí an Chóid Iompair a dhéanamh sa ghearrthéarma i gcur chuige dhá chéim:

– sa chéad chéim pléifear rialachas, trédhearcacht agus modhanna oibre na Meithle;

– sa dara céim, cuirfear tús leis an bplé maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an sainordú i ndáil leis an gcoincheap go bhfuil brabúis, de réir mar is iomchuí, faoi réir leibhéal éifeachtach cánach laistigh den Aontas, agus é mar aidhm cinneadh a dhéanamh faoin tsaincheist maidir le sainordú an Chóid Iompair roimh dheireadh théarma na hUachtaránachta.

9. Ar an 1 agus ar an 23 Feabhra phléigh an Mheitheal Ardleibhéil rialachas, trédhearcacht agus modhanna oibre na Meithle um an gCód ar bhonn na nDréacht-Chonclúidí ón gComhairle ach ní rabhthas in ann teacht ar chomhaontú iomlán. I bhfianaise an phlé a rinne an Mheitheal Ardleibhéil agus teagmhálacha neamhfhoirmiúla dá éis sin, thíolaic an Uachtaránacht leagan athbhreithnithe de na Conclúidí do COREPER agus d'fhormheas na Ballstáit go léir iad.

10. Ina fhianaise sin, iarrtar ar an gComhairle na Dréacht-Chonclúidí, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn iad, a ghlacadh mar mhír A.

**(Dréacht) C(h)onclúidí ón gComhairle maidir lena bhfuil i ndán don Chód Iompair**

"Déanann an Chomhairle an méid seo a leanas:

1. MEABHRAÍONN SÍ go bhfuil rún daingean aici an chalaois chánach a chomhrac, mar aon leis an imghabháil chánach agus an phleanáil ionsaitheach chánach, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal domhanda;

2. MEABHRAÍONN SÍ gur ghlac an Chomhairle agus ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, i mí na Nollag 1997, rún maidir le Cód Iompair maidir le cánachas gnó (dá ngairtear "an Cód" anseo feasta);

3. MEABHRAÍONN SÍ gur bunaíodh Meitheal um an gCód Iompair (dá ngairtear "an Mheitheal" anseo feasta) ina dhiaidh sin, i Márta 1998, chun measúnú a dhéanamh ar na bearta cánach a thagann faoi raon feidhme an Chóid agus chun maoirsiú a dhéanamh ar chur ar fáil faisnéise faoi na bearta sin;

4. MEABHRAÍONN SÍ na Conclúidí a ghlac sí ar an 8 Nollaig 2015 maidir le todhchaí an Chóid lena ndaingnítear "*gur cheart díriú, leis an obair a dhéantar ar an gCód Iompair a bheidh ann amach anseo agus le treisiú an Chóid, ar leas níos fearr a bhaint as sainordú reatha an Chóid; ar fhéachaint ar na féidearthachtaí agus ar na rialacha mionsonraithe maidir le tréimhse an tsainordaithe a fhadú agus maidir leis na critéir a nuashonrú agus ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith ann rialachas an Chóid a choigeartú dá réir sin*", agus lena n-iarrtar ar *an Meitheal Ardleibhéil maidir le Cánachas (MAL) conclúid a tharraingt maidir leis an ngá atá leis an rialachas foriomlán, leis an trédhearcacht fhoriomlán agus le modhanna oibre foriomlána a fheabhsú agus bailchríoch a chur ar athchóiriú na Meithle le linn Uachtaránacht na hÍsiltíre*";

5. MEASANN SÍ go bhféadfaí eagrú na Meithle agus a modhanna oibre a nuashonrú d'fhonn cur níos mó le héifeachtúlacht na Meithle;

6. DEIMHNÍONN SÍ gur cheart go bhfanfadh na rialacha maidir le ceapadh Chathaoirleach na Meithle gan athrú agus gur cheart go leanfadh beirt Leas-Chathaoirleacha de bheith ag cuidiú leis an gCathaoirleach;

7. FORÁLANN SÍ ar an Meitheal tosú ar thoghadh an Chathaoirligh a ullmhú d'fhonn aistriú réidh a áirithiú ag na chéad toghcháin eile go luath in 2017;

8. MEABHRAÍONN sí don Mheitheal treoir a fhorbairt maidir le forléiriú chritéar na tairsí agus a chur i bhfeidhm;

9. IARRANN SÍ ar an Meitheal feidhm ghníomhach a bhaint as foghrúpaí atá ann cheana agus go ndéanfaí foráil d'fhoghrúpaí nua i gcás inarb iomchuí;

10. CINNEANN SÍ gur foghrúpa a phléifidh leis an soiléiriú ar thríú critéar agus ar cheathrú critéar an Chóid agus go ndéanfaidh foghrúpa eile cúram den idirphlé le tríú tíortha ábhartha;

11. IARRANN SÍ ar an Meitheal Ardleibhéil maidir le Cánachas an gá a mheas maidir le hiarraidh ar an bhfoghrúpa sin déileáil le saincheisteanna tráth níos faide anonn i ndáil leis an Teachtaireacht faoi straitéis sheachtrach i dtaca le cánachas éifeachtach (5637/16 FISC 8);

12. CUIREANN SÍ I dTREIS an tábhacht a bhaineann le bearta cánach a chur i bhfógra chuig an Meitheal trí thagairt do chritéir shoiléire agus oibiachtúla mar chuid den nós imeachta bliantúil maidir le neamhghníomhaíocht agus le rolladh siar, TUGANN SÍ DÁ hAIRE go gcuimsítear i bpacáiste oibre 2015 na Meithle um an gCód Iompair na treoirlínte sin a fhorbairt agus IARRANN SÍ ar an Meitheal iad a thabhairt chun críche a luaithe is féidir;

13. MEASANN SÍ go bhfuil gá leis an bpróiseas cinnteoireachta a dhlúthú trí imeacht ón gcéim maidir le "tuairisc a comhaontaíodh" go dtí an chéim maidir le "measúnú", gan cinneadh leathan nua comhthola a éileamh maidir leis an gceist sin agus gan dochar go leanfaidh an measúnú deiridh ag an Meitheal de bheith faoi réir comhaontú ginearálta;

14. TACAÍONN SÍ le feabhas a chur ar infheictheacht pholaitiúil obair na Meithle trí ECOFIN a rannpháirtiú ar bhonn níos córasaí, go háirithe nuair nach féidir teacht ar chomhaontú ginearálta maidir le bearta aonair, le dréacht-treoracha, nó le measúnú ar na treoracha atá ann faoi láthair, agus trí dhíospóireachtaí poiblí a eagrú in ECOFIN, de réir mar is iomchuí, ar roinnt saincheisteanna ginearálta a bhaineann leis an gCód Iompair;

15. CUIREANN SÍ I dTREIS an gá atá le trédhearcacht na Meithle maidir leis an obair a rinne a rinneadh san am atá caite agus leis an obair leanúnach, agus béim á leagan aici ag an am céanna ar a thábhachtaí atá sé a áirithiú go bhféadfar leanúint, ar bhealach rúnda, de chomhar a bheidh bunaithe ar thorthaí laistigh den Mheitheal um an gCód Iompair;

16. IARRANN SÍ go ndéanfar tuarascálacha 6 mhí ón Meitheal a bheidh níos substaintiúla a sheoladh chuig ECOFIN, ina léireofar na príomhghnéithe agus na tuairimí a pléadh faoi nithe sonracha agus ina dtuairisceofar freisin an faireachán a bhaineann le comhlíonadh nó le neamhchomhlíonadh na dtreoracha a comhaontaíodh;

17. IARRANN SÍ ar an Meitheal tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar thionscnaimh chun an pobal a chur ar an eolas maidir le torthaí a cuid cruinnithe agus tuarascáil a thabhairt do ECOFIN maidir leis an tsaincheist sin faoi Mheitheamh 2017;

18. TACAÍONN SÍ le tuarascálacha tráthrialta ó bhéal ó Chathaoirleach na Meithle chuig ECOFIN, chomh maith le malartú faisnéise idirinstitiúideach, más gá;

19. CUIREANN SÍ IN IÚL gur mian léi éascú a dhéanamh ar an rochtain ar fhaisnéis maidir leis an obair atá ar siúl faoi láthair agus leis an obair a rinneadh san am atá caite sa Mheitheal, lena n-áirítear doiciméid a cuireadh ar fáil don phobal cheana féin, e.g. trí leathanach tiomnaithe ar láithreán gréasáin na Comhairle agus trí dhoiciméid a bhaineann le nótaí treorach ginearálta agus lena gcinntí críochnaitheacha maidir le bearta aonair a scaoileadh, a mhéid is féidir;

20. IARRANN SÍ ar an Meitheal Ardleibhéil rialachas, trédhearcacht agus modhanna oibre na Meithle a athbhreithniú, go háirithe maidir le héifeachtúlacht an phróisis cinnteoireachta agus freisin i ndáil le riail na comhthola ginearálta a úsáid in 2017; agus tuarascáil a thabhairt ina leith sin do ECOFIN i mí na Nollag 2017;

21. IARRANN SÍ ar an Meitheal Ardleibhéil scrúdú a dhéanamh ar an tsaincheist maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar shainordú na Meithle, d'fhonn cinneadh a dhéanamh maidir leis na deiseanna agus leis na rialacha mionsonraithe atá ann chun an sainordú a fhadú agus chun na critéir a thabhairt cothrom le dáta faoi dheireadh Uachtaránacht na hÍsiltíre."